# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/62 ÓN gCOIMISIÚN

## an 14 Eanáir 2022

## maidir le bearta áirithe éigeandála a bhaineann le fiabhras Afracach na muc san Iodáil

*(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2022) 320)*

**(An téacs Iodáilise amháin atá barántúil)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach é fiabhras Afracach na muc a bhíonn ar mhuc-ainmhithe atá ar coimeád agus ar mhuc-ainmhithe fiáine agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha.

(2) I gcás ráig d'fhiabhras Afracach na muc i measc muc-ainmhithe fiáine, tá riosca tromchúiseach ann go bhféadfadh an galar sin leathadh chuig muc-ainmhithe fiáine eile agus chuig bunaíochtaí muc-ainmhithe atá ar coimeád.

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([2]), forlíontar na rialacha i dtaca le rialú na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (a), pointe (b) agus pointe (c), de Rialachán (AE) 2016/429, agus a shainmhínítear mar ghalair i gcatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([3]). Go háirithe, déantar foráil in Airteagail 63 go 66 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 maidir le bearta áirithe atá le glacadh i gcás dearbhú oifigiúil ar ráig ghalair i gcatagóir A i measc ainmhithe fiáine, lena n-áirítear fiabhras Afracach na muc i measc muc-ainmhithe fiáine. Leis na forálacha sin déantar foráil, go háirithe, maidir le crios ionfhabhtaithe a bhunú, maille le toirmisc ar ghluaiseachtaí ainmhithe fiáine de speicis liostaithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch díobh.

(4) Leagtar síos le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 ón gCoimisiún ([4]) bearta speisialta rialaithe galar maidir le fiabhras Afracach na muc. Go háirithe, i gcás ráig den ghalar sin i measc muc-ainmhithe fiáine i limistéar de Bhallstát, déantar foráil le hAirteagal 3, pointe (b), den Rialachán Cur Chun Feidhme sin maidir le crios ionfhabhtaithe a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 63 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687. Ina theannta sin, déantar foráil in Airteagal 6 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin go bhfuil an limistéar sin le liostú mar chrios srianta II in Iarscríbhinn I, Cuid II, a ghabhann leis agus go bhfuil an limistéar ionfhabhtaithe, a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 63 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, le coigeartú gan mhoill chun go gcuimseofar ann, ar a laghad, an crios srianta II. Maidir leis na bearta rialaithe speisialta a bhaineann le fiabhras Afracach na muc a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605, áirítear leo, *inter alia*, toirmisc ar ghluaiseachtaí coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus táirgí ó na hainmhithe sin lasmuigh de na criosanna srianta sin.

---

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir le rialacha i dtaca le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil baol suntasach ag baint leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2021 lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe maidir le fiabhras Afracach na muc (IO L 129, 15.4.2021, lch. 1).

(5) Tar éis ráig d’fhiabhras Afracach na muc i muc-ainmhithe fiáine i réigiún Piedmont san Iodáil, chuir an Ballstát sin an Coimisiún ar an eolas faoi stad fhiabhras Afracach na muc ina chríoch, agus, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605, bhunaigh sé crios ionfhabhtaithe.

(6) Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/28 ón gCoimisiún ([5]) de dhroim na faisnéise a fuarthas ón mBallstáit sin maidir leis an ráig sin.

(7) Ó bhí dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/28 ann, tá athrú tagtha ar an staid eipidéimeolaíoch san Iodáil maidir le fiabhras Afracach na muc i réigiúin Piedmont agus Liguria, agus dá réir sin, tá na bearta rialaithe is gá curtha chun feidhme ag an Iodáil, agus sonraí faireachais breise bailithe aici.

(8) Chun suaithí neamhriachtanacha ar thrádáil laistigh den Aontas agus bacainní ar thrádáil ag tríú tíortha nach bhfuil údar leo a sheachaint, is gá an crios ionfhabhtaithe i dtaca le fiabhras Afracach na muc san Iodáil a shainaithint ar leibhéal an Aontais i gcomhar leis an mBallstát sin. Cuirtear san áireamh leis an gcrios ionfhabhtaithe sin an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair san Iodáil.

(9) Chun leathadh fhiabhras Afracach na muc a chosc, go dtí go liostófar an limistéar san Iodáil atá buailte ag an ráig seo a tharla le déanaí mar chrios srianta II in Iarscríbhinn I, Cuid II, a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605, maidir leis na bearta rialaithe speisialta a bhaineann le fiabhras Afracach na muc a leagtar síos ann, a bhfuil feidhm acu maidir le gluaiseachtaí coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe a choimeádtar i gcriosanna srianta II agus táirgí de na hainmhithe sin lasmuigh de na criosanna sin, ba cheart feidhm a bheith acu freisin maidir le gluaiseachtaí na gcoinsíneachtaí sin ón gcrios ionfhabhtaithe arna bhunú ag an Iodáil tar éis na ráige sin a tharla le déanaí, chomh maith leis na bearta sin a leagtar síos in Airteagail 63 go 66 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

(10) Dá réir sin, ba cheart an crios ionfhabhtaithe sin a liostú san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo agus ba cheart é a bheith faoi réir na bearta rialaithe speisialta a bhaineann le fiabhras Afracach na muc a bhfuil feidhm acu maidir le criosanna srianta II a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605. Mar gheall ar an staid eipidéimeolaíoch nua seo a bhaineann le fiabhras Afracach na muc san Iodáil, áfach, agus an riosca láithreach méadaithe atá ann go leathfar an galar á chur san áireamh, níor cheart gluaiseachtaí coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe a choimeádtar agus de tháirgí de na hainmhithe sin ón gcrios ionfhabhtaithe chuig Ballstáit eile agus chuig tríú tíortha a údarú i gcomhréir leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin. Ba cheart fad an chriosúcháin sin a leagan síos sa Chinneadh seo freisin.

(11) Dá bhrí sin, chun na rioscaí a eascróidh as an ráig d’fhiabhras Afracach na muc a tharla le déanaí i measc muc-ainmhithe fiáine san Iodáil a mhaolú, níor cheart don Iodáil gluaiseachtaí coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe a choimeádtar sa chrios ionfhabhtaithe agus de tháirgí de na hainmhithe sin chuig Ballstáit eile agus chuig tríú tíortha a údarú go dtí dáta dhul in éag an Chinnidh seo.

(12) Dá réir sin, ba cheart an crios ionfhabhtaithe san Iodáil a bhunú láithreach agus a liostú san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, mar aon le fad an chriosúcháin sin a shocrú.

(13) Ina theannta sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/28 a aisghairm agus an Cinneadh seo a chur ina ionad.

(14) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Áiritheoidh an Iodáil go mbunóidh údarás inniúil an Bhallstáit sin láithreach crios ionfhabhtaithe i dtaca le fiabhras Afracach na muc i gcomhréir le hAirteagal 63 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 agus Airteagal 3, pointe (b), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605, agus go gcuimseofar ann, ar a laghad, na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/28 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2022 maidir le bearta áirithe eatramhacha éigeandála a bhaineann le fiabhras Afracach na muc san Iodáil (IO L 6, 11.1.2022, lch. 1).

*Airteagal 2*

Maidir leis na bearta rialaithe speisialta a bhaineann le fiabhras Afracach na muc is infheidhme maidir le criosanna srianta II a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/605, áiritheoidh an Iodáil go mbeidh feidhm acu sna limistéir a liostaítear mar chrios ionfhabhtaithe san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, chomh maith leis na bearta sin a leagtar síos in Airteagail 63 go 66 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687.

*Airteagal 3*

Maidir le coinsíneachtaí de mhuc-ainmhithe a choimeádtar sna limistéir a liostaítear mar chrios ionfhabhtaithe san Iarscríbhinn agus de tháirgí de na hainmhithe sin, áiritheoidh an Iodáil nach n-údarófar iad le haghaidh gluaiseachtaí chuig Ballstáit eile agus chuig tríú tíortha.

*Airteagal 4*

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/28.

*Airteagal 5*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 7 Aibreán 2022.

*Airteagal 6*

Is chuig Poblacht na hIodáile a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Eanáir 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Stella KYRIAKIDES
*Comhalta den Choimisiún*

*IARSCRÍBHINN*

| Limistéir a bunaíodh mar an crios ionfhabhtaithe san Iodáil dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2 | An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí |
|---|---|
| **Na Bardais seo a leanas i gCúige Alessandria (i Réigiún Piedmont)**: Cavatore, Castelnuovo Bormida, Cabella Ligure, Carrega Ligure, Francavilla Bisio, Carpeneto, Costa Vescovato, Grognardo, Orsara Bormida, Pasturana, Melazzo, Mornese, Ovada, Predosa<br>Lerma, Fraconalto, Rivalta Bormida, Fresonara, Malvicino, Ponzone, San Cristoforo, Sezzadio<br>Rocca Grimalda, Garbagna, Tassarolo, Mongiardino Ligure, Morsasco, Montaldo Bormida, Prasco, Montaldeo, Belforte Monferrato, Albera Ligure, Bosio<br>Cantalupo Ligure, Castelletto D'orba, Cartosio, Acqui Terme, Arquata Scrivia, Parodi Ligure, Ricaldone, Gavi, Cremolino, Brignano-Frascata, Novi Ligure, Molare, Cassinelle, Morbello, Avolasca, Carezzano, Basaluzzo, Dernice, Trisobbio, Strevi, Sant'Agata Fossili, Pareto, Visone, Voltaggio, Tagliolo Monferrato, Casaleggio Boiro, Capriata D'orba, Castellania, Carrosio, Cassine, Vignole Borbera, Serravalle Scrivia, Silvano D'orba, Villalvernia, Roccaforte Ligure, Rocchetta Ligure, Sardigliano, Stazzano, Borghetto Di Borbera, Grondona, Cassano Spinola, Montacuto, Gremiasco, San Sebastiano Curone, Fabbrica Curone<br>(8,45727278876742 44,63089265969160<br>8,55861517117922 44,74209723634160<br>9,13736453800926 44,66989975655660<br>9,15540681134747 44,61648181206380<br>8,73824220657282 44,72696646719320<br>8,61562007223858 44,69190602382560<br>8,93040363441492 44,81968883462180<br>8,49447544395196 44,62722764850570<br>8,56473539819401 44,68789339467210<br>8,74636288150420 44,75059273473320<br>8,42129291950308 44,63969537998470<br>8,75930326899722 44,62691881543910<br>8,63740139277921 44,62434812841120<br>8,63858222063218 44,75455782334510<br>8,71846974527489 44,62638068750350<br>8,89386001136932 44,58440010916580<br>8,55874665930415 44,71075156306240<br>8,69111333204035 44,78299430216140<br>8,41915790087027 44,55791198914240<br>8,49367163633172 44,55338822789150<br>8,74631123216426 44,69512008136360<br>8,58719060646501 44,75848315528430<br>8,64417289489248 44,68543047716730<br>8,99755707864655 44,78043205626340<br>8,76829094684916 44,72638568906850<br>9,07255271598525 44,64185166864540<br>8,54911684802305 44,66663867866640<br>8,59226750751732 44,69638794728860<br>8,53922967163181 44,64350156328750<br>8,72743143861598 44,66586866952670<br>8,67002201159106 44,60550700085100<br>9,10330699471010 44,70808583954200<br>8,78397023610347 44,57487653499660<br>9,06107451700302 44,73294309814000<br>8,70849659300505 44,68822313714590<br>8,42328778652507 44,59475249111450<br>8,46360750191520 44,68011546896980<br>8,88874777891277 44,67031750803820 | 7 Aibreán 2022 |

8,75896336772026 44,67223782936240
8,47458185995056 44,73675717933340
8,81478031361033 44,68806247709180
8,57568502491472 44,63214498530620
9,04427456584015 44,81041974794140
8,79499080831824 44,76525022594960
8,59096726302438 44,57435395353490
8,55652874515147 44,57812296857710
8,52095609681052 44,59574712770110
8,97083253884797 44,81192928808210
8,89458260127221 44,80727990912480
8,71313346196787 44,76727375186560
9,04516435521301 44,76163066101660
8,58674249319950 44,65976966415050
8,52072973753048 44,69823396728840
8,90407538971857 44,78435487549180
8,40346525953094 44,51705875229720
8,50824775878796 44,65464001092950
8,84535265104008 44,60267033001400
8,69624966113450 44,61254452732950
8,74075623908678 44,61246848769640
8,69444380311572 44,72886154776960
8,93927313424989 44,79661096906260
8,83736482027039 44,65619000581520
8,51986190900926 44,75239968904180
8,90846531876548 44,70937403696430
8,85000461841281 44,72424123571250
8,67847355085801 44,67598286220460
8,85816294592197 44,81022548084300
9,01797825835193 44,68059762387700
9,05778535753977 44,69138187956990
8,91940789286359 44,76517145810900
8,89957005991554 44,73677723481390
8,96759163176693 44,73477101363680
8,96918397666821 44,69388675169590
8,86959918499003 44,77070494279810
9,10670296027467 44,76028087718580
9,10801126702959 44,80025258799040
9,07022073878190 44,78705109135660
9,16898010826526 44,74151039122800)

**Na Bardais seo a leanas i gCúigí Genova agus Savona (i Réigiún Liguria):** Cúige Genova: Bogliasco, Arenzano, Ceranesi, Ronco Scrivia, Mele, Isola Del Cantone, Lumarzo, Genova, Masone, Serra Riccò, Campo Ligure, Mignanego, Busalla, Bargagli, Savignone, Torriglia, Rossiglione, Sant'Olcese, Valbrevenna, Sori, Tiglieto, Campomorone, Cogoleto, Pieve Ligure, Davagna, Casella, Montoggio, Crocefieschi, Vobbia

(9,07701363054534 44,38959842091660
8,66736813999132 44,42141788217480
8,84168896064697 44,50558661644810
8,94455916421254 44,60591625352020
8,74668355712525 44,47140693595360
8,96292020330127 44,64550266645310
9,13302858749659 44,44947462784860
8,89334755666611 44,44190547215230
8,72187072459182 44,50202491949630
8,94661631372455 44,51422708949270
8,71098122547952 44,53265041525070
8,92005141205065 44,54376466069300
8,97012668135178 44,58419241630730
9,08636405507191 44,43426879118750
8,98918970809976 44,55703078598340

| | |
|---|---|
| 9,15245091467534 44,51663506957610<br>8,66319545541929 44,55618355383190<br>8,96002195224501 44,48295317055980<br>9,08636229562108 44,55749610563360<br>9,11289230015120 44,39246929611560<br>8,62116724861755 44,51375313303110<br>8,86276300281878 44,53751326563280<br>8,62185559483775 44,40833401227560<br>9,09204060174516 44,38370676685760<br>9,07717417132193 44,46435605006270<br>8,99713109929649 44,53346779043700<br>9,05104037279880 44,50828718343700<br>9,02466149981014 44,58527677522000<br>9,06161049957354 44,60168741199910)<br><br>Cúige Savona: Albisola Superiore, Celle Ligure, Stella, Pontinvrea, Varazze, Urbe, Sassello<br><br>(8,46967705260736 44,36287667391410<br>8,53655461135511 44,35287070993200<br>8,49665184874500 44,40170929565530<br>8,43822972522043 44,43186125338140<br>8,56797081202658 44,39381081934480<br>8,62192644453145 44,48230207013960<br>8,53174317384035 44,46875575698000) | |